

## AONAD A TRÍ

# BIA AGUS DEOCH



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- tuairisciú
- cuireadh a thabhairt
- fiosrú faoi mhian agus mian a léiriú
- taitneamh agus easpa taitnimh a léiriú
- rogha a léiriú
- smaoineamh a chur chun cinn
- duine éigin a ghríosadh
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- fainic a chur ar dhuine
- aontú.

## COMHRÁ

Tá Seán agus Áine ag siúl amach lena chéile (*going out with each other*).  
Chaith siad an oíche i gclub ag damhsa. Tá ocras orthu anois.

Seán: Bhí an oíche sin ar fheabhas, a Áine, ach táim traochta anois.  
Rinne mé an iomarca damhsa!  
*That was an excellent night, Áine, but I'm worn out now. I did too much dancing!*

Áine: Táimse stiúgha leis an ocras! Tá siopa sceallóg timpeall an chúinne anseo. Ar mhaith leat mála?  
*I'm starving with the hunger! There is a chip-shop around the corner here. Would you like a bag?*

Seán: Ba bhreá liom mála sceallóg. Is fada an lá ó bhí bia sciobtha agam.  
*I'd love a bag of chips. It's a long time since I had fast food.*

Áine: Bíonn sceallóga an-bhlasta ag an am seo den oíche!  
*Chips are very tasty at this time of the night!*

Seán: Bíonn. Blasta agus gréisceach! Ar aghaidh linn!  
*They are. Tasty and greasy! Off we go!*

Áine: Ceapaim go mbeidh trosc agamsa, freisin. Ar mhaith leatsa iasc?  
*I think I'll have cod as well. Would you like fish?*

Seán: Níor mhaith liom iasc, ach ba bhreá liom borgaire. An bhfuil borgairí acu?  
*I wouldn't like fish, but I'd love a burger. Do they have burgers?*

Áine: Tá. De ghnáth bíonn borgairí cáise, borgairí mairteola agus borgairí sicín acu. Cén cineál borgaire ba mhaith leatsa?  
*Yes, they do. Usually they have cheese burgers, beef burgers and chicken burgers. What kind of burger would you like?*

Seán: Ba bhreá liom borgaire mairteola.  
*I'd love a beef burger.*

Áine: Agus cad a bheidh agat le hól?  
*And what will you have to drink?*

- Seán: Beidh buidéal uisce agam. Cad a ólfaidh tusa?  
*I'll have a bottle of water. What will you drink?*
- Áine: Ní bheidh aon deoch agam anois, ach beidh cupán tae agam níos déanaí, nuair a rachaidh mé abhaile.  
*I won't have any drink now but I will have a cup of tea later, when I will go home.*
- Seán: A Áine, beidh orainn brostú nó beidh scuaine mhór romhainn!  
*Áine, we will have to hurry or there will be a big queue before us!*
- Áine: Is fíor duit. Bíonn scuaine i gcónaí ann nuair a dhúnann na tithe tábhairne.  
*It is true for you. There is always a queue when the pubs close.*
- Seán: Bhuel! Tá an boladh go hálainn ar aon nós!  
*Well! The smell is lovely anyway!*
- Áine: Gheobhaimid an bia ar dtús agus, ansin rachaimid trasna an bhóthair. Tá suíochán deas ansin dúinn.  
*We'll get the food first and, then we'll go across the road. There is a nice seat there for us.*

## FOCLÓIR LE FOGHLAIM

### **bialann - a restaurant**

siopa sceallóg - (a) chip shop  
teach tábhairne - (a) public house  
tithe tábhairne - public houses

### **cúrsa - (a) course**

an réamhchúrsa - the starter  
an príomhchúrsa - the main course  
an mhilseog - the dessert

### **béile - (a) meal**

béilí - meals  
bricfeasta - breakfast  
lón - lunch  
dinnéar - dinner  
suipeár - supper

### **ocras - hunger**

An bhfuil ocras ort? - Are you hungry?  
stiúgtha leis an ocras - starving  
Cén cineál? - What kind?  
is maith liom - I like  
is fearr liom - I prefer  
is fearr leat - you prefer.  
blasta - tasty  
an-bhlasta - very tasty  
go hálainn - lovely  
leamh - tasteless  
déistineach - disgusting  
gréisceach - greasy  
folláin - healthy  
iontach - wonderful

ceart go leor - *alright*  
galánta - *lovely, sophisticated*

**bia mara - seafood**

bia - *food*  
muir - *sea*  
bia mara - *food of the sea, seafood*  
iasc - *fish*  
bradán - *(a) salmon*  
bradán deataithe - *smoked salmon*  
diúilicíní - *mussels*  
faoitín - *whiting*  
leathóg - *plaice*  
maicréal - *mackerel*  
trosc - *cod*  
píosa troisc - *(a) piece of cod*

**feoil - meat**

bagún - *bacon*  
borgaire - *(a) burger*  
borgaire mairteola - *(a) beef burger*  
caoireoil - *mutton*  
gríscín - *(a) chop*  
mairteoil - *beef*  
muiceoil - *pork*  
sicín - *chicken*  
stéig - *(a) steak*  
turcaí - *turkey*  
uaineoil - *lamb*

**glasraí - vegetables**

cabáiste - *cabbage*  
cairéid - *carrots*  
cóilis- *cauliflower*  
meacain bhána - *parsnips*  
oinniúin - *onions*  
piseanna - *peas*  
pónairí - *beans*  
prátaí - *potatoes*  
tornapaí - *turnips*  
trátaí - *tomatoes*

**milseog - dessert**

cáca - *(a) cake*  
ciste - *(a) cake*  
ciste cáise - *(a) cheese cake*  
ciste seacláide - *(a) chocolate cake*  
maróg - *(a) pudding*  
sailéad torthaí - *fruit salad*  
sútha talún - *strawberries*  
toirtín úll - *(an) apple tart*  
uachtar - *cream*  
uachtar reoite - *ice cream*

**bia sciobtha - fast food**

sceallóga - *chips*  
mála sceallóg - *(a) bag of chips*  
borgaire - *(a) burger*  
borgairí - *burgers*  
borgaire cáise - *(a) cheese burger*  
borgaire sicín - *(a) chicken burger*  
borgaire mairteola - *(a) beef burger*

**bricfeasta - breakfast**

bagún - *bacon*  
ispíní - *sausages*  
ubh fhriochta - *(a) fried egg*  
ubh bhruite - *(a) boiled egg*  
ubh scrofa - *(a) scrambled egg*  
múslaí - *muesli*  
calóga arbhair - *cornflakes*  
arán donn - *brown bread*  
arán bán - *white bread*  
tósta - *toast*  
subh oráiste - *orange marmalade*  
seadóg - *(a) grapefruit*  
sú oráiste - *orange juice*  
tae - *tea*  
caife - *coffee*  
bainne - *milk*

**deoch - drink**

deochanna - *drinks*

uisce - *water*  
uisce beo - *sparkling water*  
fíon dearg - *red wine*  
fíon geal - *white wine*  
beoir - *(a) beer*  
pionta beorach - *(a) pint of beer*  
sú oráiste - *orange juice*  
mianrach - *(a) mineral*  
  
deireadh - *end*  
seachtain - *(a) week*  
gloine fíona - *a glass of wine*

deireadh seachtaine - *(a) weekend*  
an deireadh seachtaine seo caite - *last weekend*  
an deireadh seachtaine seo chugainn - *next week-end*  
biachlár - *menu*  
Roghnaigh. - *Choose.*  
Roghnaigh mé - *I chose*  
Ar aghaidh linn! - *On we go! Let's go!*

### **AISTRIGH GO GAELIGE**

Tá Pádraig agus Máire ag caint faoi dhul amach go Caifé.

*Pádraig: Mary, are you hungry? What kind of food do you prefer?*

---

---

*Máire: I'm starving. I like seafood because it is healthy and tasty.*

---

---

*Pádraig: Would you like to come to Caifé Úna with me? They do have wonderful seafood.*

---

---

---

*Máire: Yes. I'd love to. I had a meal there last weekend. It's a very sophisticated restaurant.*

---

---

---

*Pádraig: What did you have for the starter?*

---

---

*Máire: For the starter I had smoked salmon. It was alright.*

---

---

*Pádraig: And what did you have to drink?*

---

---

*Máire: I had a glass of wine and my friend had sparkling water*

---

---

---

*Pádraig: The desserts are lovely. What did you have for dessert?*

---

---

*Máire: There were four desserts on the menu. I chose apple tart and ice cream. I would love to go back to Caifé Úna now. Let's go!*

---

---

---

---

## **FREAGRAÍ**

- Pádraig: A Máire, an bhfuil ocras ort? Cén cineál bia is fearr leat?  
Máire: Táim stiúgtha leis an ocras. Is breá liom bia mara mar tá sé folláin agus blasta.
- Pádraig: Ar mhaith leat teacht go Caifé Úna liom? Bíonn bia mara iontach acu?  
Máire: Ba bhreá liom teacht leat. Bhí béile agam ann an deireadh seachtaine seo caite. Bialann an-ghalánta is ea í.
- Pádraig: Cad a bhí agat don réamhchúrsa?  
Máire: Don réamhchúrsa, bhí bradán deataithe agam. Bhí sé ceart go leor.
- Pádraig: Agus, cad a bhí agat le hól?  
Máire: D'ól mé gloine fíona agus bhí uisce beo ag mo chara.
- Pádraig: Bíonn na milseoga go hálainn. Cad a bhí agatsa mar mhilseog?  
Máire: Bhí ceithre mhilseog ar an mbiachlár. Roghnaigh mé toirtín úll agus uachtar reoite. Ba bhreá liom dul ar ais go Caifé Úna anois. Ar aghaidh linn!

## GRAMADACH

## An Réamhfocal Simplí

### *The Simple Preposition*

- Is iad seo a leanas roinnt de na réamhfocail shimplí sa Ghaeilge:  
*The following are some of the simple prepositions in Irish:*  
**do, faoi, ó, mar, roimh, trí, ar, le.**
- Cuireann réamhfocail shimplí áirithe séimhiú ('h') ar chonsan. Réamhfocail shimplí eile, ní chuireann.  
*Some simple prepositions lenite (put a 'h' on) a consonant. Others don't.*

Réamhfocal	Sampla
do	do Phól - <i>to Paul</i>
faoi	faoi ghlas - <i>under lock</i>
ó	ó mhaidin - <i>from morning</i>
mar	mar shampla - <i>for example</i>
roimh	roimh thús an lae - <i>before the beginning of the day</i>
trí	trí thimpiste - <i>by accident</i>
le	le Tomás - <i>with Tomás</i>
ar	ar fheabhas! - <i>excellent!</i> ar Pheadar - <i>on Peadar</i> ar bhalla - <i>on a wall</i>  <b>ach</b>  ar bord - <i>on board</i> ar muir - <i>on sea</i>  ar meisce - <i>drunk</i> ar buile - <i>raging</i> ar siúl - <i>on, in progress</i> ar bís - <i>excited</i>  ar maidin - <i>in the morning</i> ar ball - <i>presently, in a while</i>

Bain amach na lúbíní agus scríobh amach na habairtí i gceart:

1. Tá ocras (ar:Seán) agus tá tart (ar:Máire).

---

2. Bhí mé ag caint (le:Bríd) agus (le:Pádraig).

---

3. Cad a bheidh agat (mar:milseog)?

---

4. Sheas mé isteach (faoi:crann).

---

5. Bhí an clár (ar:siúl) agus bhí na páistí (ar:bís).

---

6. Thug mé stéig (do:Máire) agus iasc (do:Míchéal).

---

7. Tháinig Uncail Liam abhaile (ó:Meiriceá).

---

8. Tháinig an gadaí isteach (trí:fuinneog) na cistine.

---

9. Bhí an príomhchócaire ina sheasamh ar (bord) agus é (ar:meisce).

---

10. Bhí Eoin ag an mbialann (roimh:Mairéad).

---



## FREAGRAÍ

1. Tá ocras ar Sheán agus tá tart ar Mháire.
2. Bhí mé ag caint le Bríd agus le Pádraig.
3. Cad a bheidh agat mar mhilseog?
4. Sheas mé isteach faoi chrann.
5. Bhí an clár ar siúl agus bhí na páistí ar bís.
6. Thug mé stéig do Mháire agus iasc do Mhíchéal.
7. Tháinig Uncail Liam abhaile ó Mheiriceá.
8. Tháinig an gadaí isteach trí fhuinneog na cistine.
9. Bhí an príomhchócaire ina sheasamh ar bhord agus é ar meisce.
10. Bhí Eoin ag an mbialann roimh Mhairéad.

## SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

### Is math an t-anlann an t-ocras.

*anlann = sauce; ocras = hunger.*

*Hunger is good sauce.*

*Nuair a bhíonn ocras ort bíonn blas deas (nice taste) ar gach sórt bia.*

### Bíonn blas ar an mbeagán.

*blas = taste, flavour; beagán = small amount, small portion.*

*The small amount has a (nice) taste/flavour.*

*Bíonn an píosa beag a fhaigheann tú, go deas le hithe.*

### Nuair a bhíonn an bolg lán, is maith leis na cnámha síneadh.

*bolg = belly; cnámha = bones (legs, arms etc.); síneadh = to stretch.*

*When the belly is full, the bones like to stretch.*

*Tar éis béile maith (a good meal), is maith le duine sos a thógáil (to take a break).*

### Is maith leis an gcat iasc ach ní maith leis a chosa a fhliuchadh.

*iasc = fish; a fhliuchadh = to wet, get wet.*

*The cat likes fish but he does not like to get his feet wet.*

*Tá daoine ann agus is maith leo béilí deasa (nice meals) ach ní maith leo an trioblóid a chur orthu féin (to go to any trouble) na béilí sin a ullmhú.*

### An té a bhíonn amuigh, fuaraíonn a chuid.

*té = duine; fuaraíonn = gets cold; a chuid = his amount.*

*The person who is out (not at home), his (food, dinner) gets cold.*

*Nuair a bhíonn tú as láthair (absent) ar feadh tamaill (for a while), déanann daoine dearmad ort (people forget you) agus cailleann tú amach (you lose out).*

**Is túsce deoch ná scéal.**

*túsce = earlier, sooner; deoch = a drink; scéal = a story.*

*A drink comes before a story. When people meet they order/have a drink before they start exchanging stories.*

*Nuair a bhuaileann daoine lena chéile (people meet each other), bíonn deoch acu sula dtosaíonn siad (before they start) ag caint (talking).*

**An té a bhíonn thuas óltar deoch air, an té a bhíonn thíos buailtear cos air.**

*té = duine; thuas = up (doing well); óltar deoch air = people drink to him;*

*thíos = down (not doing well); buailtear cos air = he is hit with leg (kicked).*

*When a person is doing well in the world, people drink to him, when a person is not doing well, he is kicked (derided).*

*Nuair a bhíonn ag éirí go maith le duine (person getting on well), is maith le daoine an duine sin, ach nuair nach mbíonn ag éirí go maith le duine, ní maith le daoine an duine sin.*

**Nuair a bhíonn an t-ól istigh, bíonn an chiall amuigh.**

*an t-ól = the drink (alcohol); istigh = inside (consumed); ciall = sense;*

*amuigh = outside (absent).*

*When drink is inside (has been consumed), sense is outside (absent).*

*Nuair a bhíonn daoine ólta (when people are drunk), ní dhéanann siad mórán céille (much sense).*



*Is túsce deoch ná scéal.*

## LOGAINMNEACHA

## CILL

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Cill Dara	<i>Kildare</i>	<i>the church of the oak cill = church, cell dair = oak</i>
Cill Chainnigh	<i>Kilkenny</i>	<i>the church of St. Canice</i>
Cill Airne	<i>Killarney</i>	<i>the church of the sloe airne = sloe</i>
Cill Cais	<i>Kilcash</i>	<i>the church of Cas</i>
Cill Bhríde	<i>Kilbride</i>	<i>the church of Bridget</i>
Seanchill	<i>Shankill</i>	<i>the old church sean = old</i>
Bóthar na Seanchille	<i>The Shankill Road</i>	<i>the road of the old church bóthar = (a) road</i>
Cill Iníon Léinín	<i>Killiney</i>	<i>the church of the daughters of Léinín</i>
Cill na Manach	<i>Kilnamanagh</i>	<i>the church of the monks manach = monk</i>



